CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/157 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1775 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí.

(2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2208 ([2]), lenar bunaíodh creat nua lena gcumasaítear bearta sriantacha i gcoinne daoine aonair agus na n-eintiteas atá freagrach as síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí a chur i mbaol, nó as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil nó an bonn a bhaint uaidh.

(3) Mar a cinneadh le linn chruinniú an 15 Meán Fómhair 2020 de Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (Ecowas) agus de réir mar a fhoráiltear sa Chairt Idirthréimhseach, bhí ar Údaráis Idirthréimhseacha Mhailí an t-aistriú polaitiúil a thabhairt chun críche agus an chumhacht a thabhairt d'údaráis shibhialta thofa laistigh d'idirthréimhse 18 mí. Laistigh den tréimhse sin, bhí ar na hÚdaráis sin toghcháin uachtaránachta agus reachtacha shaora agus chothroma a eagrú freisin, atá beartaithe don 27 Feabhra 2022, mar aon le toghcháin réigiúnacha agus áitiúla agus reifreann bunreachtúil, de réir mar is iomchuí.

(4) An 8 Eanáir 2022, chuir Údaráis Idirthréimhseacha Mhailí sceideal nua faoi bhráid an Údaráis Ecowas, sceideal maidir le reáchtáil na dtoghchán uachtaránachta do dheireadh mhí na Nollag 2025, agus ar an gcaoi sin, déanfar tréimhse an aistrithe a shíneadh go ceann 5 bliana go leith ar an iomlán, contrártha leis an gcomhaontú ar thángthas air le Ecowas an 15 Meán Fómhair 2020 agus leis an ngealltanas sa Chairt Idirthréimhseach. Bhreathnaigh an tÚdarás Ecowas go haiféalach ar theip na nÚdarás Idirthréimhseach i Mailí chun na céimeanna riachtanacha a ghlacadh, d'fhonn na toghcháin Uachtaránachta a eagrú roimh an 27 Feabhra 2022, contrártha leis an gComhaontú ar thángthas air leis an Údarás Ecowas an 15 Meán Fómhair 2020 agus leis an ngealltanas sa Chairt Idirthréimhseach. Ba mhór an trua don Údarás Ecowas an easpa toil pholaitiúil soiléir agus follasach ó na hÚdaráis Idirthréimhseacha, a bhí mar bhun leis an easpa dul chun cinn suntasach sna hullmhúcháin do na toghcháin, in ainneoin toil Ecowas agus na comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta uile chun tacú le Mailí leis an bpróiseas sin. A mhéid a bhaineann le conclúidí "Assises National de la Refondation" (ANR) an 13 Nollaig 2021, a bhí mar bhun le féilire athbhreithnithe maidir leis na toghcháin a ghlacadh, thug an tÚdarás Ecowas dá aire nach raibh geallsealbhóirí tábhachtacha rannpháirteach san ANR sin, rud a léirigh easpa comhthola ag geallsealbhóirí náisiúnta i ndáil leis an bhféilire beartaithe. I bhfianaise a bhfuil thuas, an 9 Eanáir 2022, chinn an tÚdarás Ecowas seasamh leis na smachtbhannaí tosaigh a forchuireadh cheana féin ar Mhailí agus ar na hÚdaráis Idirthréimhseacha an 7 Samhain 2021 agus d'fhorchuir sé smachtbhannaí breise eacnamaíocha agus airgeadais.

(5) I bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí i Mailí, ba cheart cúigear a áireamh i liostaí na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú dá réir,

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/2208 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach sa liosta de dhaoine nádúrtha a leagtar amach faoin gceannteideal "A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1a, mír 1":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	DIAW, Malick	Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2 Nollaig 1979 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Seasamh: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach an aistrithe), Coirnéal Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an coup a rinneadh an 18 Lúnasa, 2020 in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Cornéal Assimi Goïta, Sadio Camara agus Coirnéal Modibo Koné. Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí, sin as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs an Aistrithe é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transitional Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020. Ní dhearna CNT aon dul chun cinn suntasach ar na 'misin' a comhaontaíodh sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí, mar is léir le mainneachtain CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Cuireann sé sin le moill ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Tá Malick Diaw ag cur bac, dá bhrí sin, ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil agus as an mbonn a bhaint den tabhairt chun críche sin.	4.2.2022
2.	WAGUÉ, Ismaël	Áit bhreithe: Bamako Dáta breithe: 2.3.1975 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023 Inscne: fireann Seasamh: An tAire Athmhuintearais, Coirnéal-Mhaor	Tá an Coirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an coup i mí Lúnasa 2020 – in éineacht le Coirnéal Goïta, Coirnéal Sadio Camara agus Coirnéal Modibo Koné agus Malick Diaw. An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (CNSP). Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.	4.2.2022

		Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Agus é mar Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (Comité de suivi de l'accord, CSA), agus dá bhrí sin, ar cur chun feidhme an Chomhaontaithe dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil agus as an mbonn a bhaint den tabhairt chun críche sin.	
3.	MAÏGA, Choguel	Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí Dáta breithe: 31 Nollaig 1958 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: Pas taidhleoireachta Uimh. DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Seasamh: An Príomh-Aire Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthréimhseach Mhailí a bunaíodh tar éis an coup a tharla an 24 Bealtaine 2021. Contrártha le hamchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le Ecowas agus i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na 'Assises nationales de la refondation' (ANR) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn moltaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua ina bhforáiltear do thoghcháin uachtaránachta a thionól i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear an Príomh-Aire Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Chuir Ecowas i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar a thabhairt don síneadh leis an Idirthréimhse agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha.	4.2.2022

			Ina phost mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí Dáta breithe: 5.2.1971 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: Pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí Inscne: fireann Seasamh: Aire an Athbhunaithe Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (Mouvement du 5 juin-Rassemblement des forces patriotiques), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na 'Assises nationales de la Refondation' (ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maiga. Contrártha le hamchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le Ecowas roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua ina bhforáiltear do thoghcháin Uachtaránachta a reáchtáil i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Chuir Ecowas i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar a thabhairt don síneadh leis an Idirthréimhse agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. Ina phost mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022

5.	DIARRA, Adama Ben Aka Ben Le Cerveau	Áit bhreithe: Kati, Mailí Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: Pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Seasamh: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach an Aistrithe) Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cerveau, ar cheann de cheannairí óga M5-RFP (Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomheagraíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021. Ní dhearna CNT aon dul chun cinn suntasach ar na 'misin' atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí, mar is léir le mainneachtain CNT an dréachtbhille toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhse a fhormhuiniú. Cuireann sé sin le moill ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur leis an Idirthréimhse i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá gurbh aidhm dhomhain ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na 'Assises nationales de la Refondation' (ANRanna). Contrártha le hamchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le Ecowas roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua ina bhforáiltear do thoghcháin Uachtaránachta a thionóil i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Chuir Ecowas i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar a thabhairt don síneadh leis an Idirthréimhse agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022”

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach sa liosta a leagtar amach faoin gceannteideal “B. Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintitis nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2a, mír 1”:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“1.	DIAW, Malick	Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2 Nollaig 1979 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Seasamh: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach an aistrithe), Coirnéal Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an coup a rinneadh an 18 Lúnasa, 2020 in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Cornéal Assimi Goïta, Sadio Camara agus Coirnéal Modibo Koné. Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs an Aistrithe é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transitional Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020. Ní dhearna CNT aon dul chun cinn suntasach ar na ‘misin’ a comhaontaíodh sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí, mar is léir le mainneachtain CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Cuireann sé sin le moill ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr an mhoill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Tá Malick Diaw ag cur bac, dá bhrí sin, ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil agus as an mbonn a bhaint den tabhairt chun críche sin.	4.2.2022
2.	WAGUÉ, Ismaël	Áit bhreithe: Bamako Dáta breithe: 2.3.1975 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023 Inscne: fireann Seasamh: An tAire Athmhuintearais, Coirnéal-Mhaor	Tá an Coirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an coup i mí Lúnasa 2020 – in éineacht le Coirnéal Goïta, Coirnéal Sadio Camara agus Coirnéal Modibo Koné agus Malick Diaw. An 19 Lúnasa 2020, d’fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (CNSP). Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.	4.2.2022

		Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Agus é mar Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (Comité de suivi de l'accord, CSA), agus dá bhrí sin, ar cur chun feidhme an Chomhaontaithe dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr an mhoill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil agus as an mbonn a bhaint den tabhairt chun críche sin.	
3.	MAÏGA, Choguel	Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí Dáta breithe: 31 Nollaig 1958 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: Pas taidhleoireachta Uimh. DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Seasamh: An Príomh-Aire Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthréimhseach Mhailí a bunaíodh tar éis an coup a tharla an 24 Bealtaine 2021. Contrártha le hamchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le Ecowas agus i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na 'Assises nationales de la refondation' (ANR) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn moltaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua ina bhforáiltear do thoghcháin uachtaránachta a thionól i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear an Príomh-Aire Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Chuir Ecowas i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar a thabhairt don síneadh leis an Idirthréimhse agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha.	4.2.2022

			Ina phost mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí Dáta breithe: 5.2.1971 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: Pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí Inscne: fireann Seasamh: Aire an Athbhunaithe Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (Mouvement du 5 juin-Rassemblement des forces patriotiques), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na 'Assises nationales de la Refondation' (ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maiga. Contrártha le hamchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le Ecowas roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua ina bhforáiltear do thoghcháin Uachtaránachta a reáchtáil i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Chuir Ecowas i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar a thabhairt don síneadh leis an Idirthréimhse agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. Ina phost mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022

5.	DIARRA, Adama Ben Aka Ben Le Cerveau	Áit bhreithe: Kati, Mailí Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: Pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Seasamh: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach an Aistrithe) Seoladh: Koulouba – Présidence de la République. 00223 BAMAKO	Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cerveau, ar cheann de cheannairí óga M5-RFP (Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomheagraíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021. Ní dhearna CNT aon dul chun cinn suntasach ar na 'misin' atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí, mar is léir le mainneachtain CNT an dréachtbhille toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhse a fhormhuiniú. Cuireann sé sin le moill ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur leis an Idirthréimhse i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá gurbh aidhm dhomhain ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na 'Assises nationales de la Refondation' (ANRanna). Contrártha le hamchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le Ecowas roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua ina bhforáiltear do thoghcháin Uachtaránachta a thionóil i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Ghlac Ecowas smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr an mhoill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche an Aistrithe. Chuir Ecowas i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar a thabhairt don síneadh leis an Idirthréimhse agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin..	4.2.2022”